2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Ceacht Tíreolaíochta don Idirbhliain

Bithéagsúlacht agus Bogaigh

Is cuid riachtanach den timthriall uisce iad bogaigh. Nuair a tharlaíonn idirghníomhú idir a gcuid gnéithe – uisce, ithir, plandaí agus ainmhithe, comhlíonann siad go leor feidhmeanna tábhachtacha agus cuireann siad seirbhísí éiceolaíochta ar fáil atá riachtanach. Cuireann bogaigh uisce ar fáil agus úsáideann siad uisce freisin. Cuireann bogaigh uisce ar fáil dúinn féin agus d'ainmhithe agus do phlandaí eile agus soláthraíonn siad raon buntáistí eacnamaíocha agus comhshaoil.

Tá Éire ar cheann de 160 Páirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún ar Bhogaigh a tháinig le chéile den chéad uair in Ramsar, san Iaráin in 1971, agus glaoitear Coinbhinsiún Ramsar air ó shin i leith. Cuimsítear sa chonradh idir-rialtasach seo tiomantais na dtíortha atá mar bhaill saintréith éiceolaíoch a gcuid Bogach a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo a choinneáil agus pleanáil i gcomhair "úsáid stuama", nó úsáid inbhuanaithe, a bhaint as na bogaigh go léir ina gcuid críoch.

Príomhsmaointe

1. An tábhacht a bhaineann le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus a choinneáil.

2. An tábhacht chomhshaoil agus gheilleagrach atá le haibhneacha, le lochanna agus le bogaigh eile na hÉireann.

3. Tuiscint ar an ról atá ag bogaigh maidir le faoiseamh ó thuilte, don fheirmeoireacht agus do thimthriall an uisce.

PÍOSAÍ SCANNÁIN Ó ECOEYE

An Bhithéagsúlacht inár mBogaigh

Féachtar sa phíosa scannáin seo ar bhithéagsúlacht i gcomhthéacs na mbogach. Is léir má dhéantar caomhnú ar bhogaigh go mbeidh ról an-dearfach aige sin ó thaobh cháilíocht an uisce agus glantacháin, ar chleachtais feirmeoireachta agus faoiseamh ó thuilte. Is acmhainn shainiúil iad bogaigh cosúil le portaigh agus eanaigh agus feicimid na buntáistí atá le bogaigh don gheilleagar agus an obair atá ar siúl chun iad a chosaint ó thionchar ghníomhaíocht an duine cosúil leis an bhfeirmeoireacht. **Féach ar na píosaí scannáin agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.**



2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Cleachtadh tuisceana

Féach ar an bhfíseán uair amháin. Féach air, éist leis, dírigh air, agus bain taitneamh as. Cuir an píosa ar siúl arís (léigh na ceisteanna agus déan cinnte go dtuigeann tú na ceisteanna agus na téarmaí atá in úsáid sula dtosaíonn tú). Stop, tosaigh agus téigh siar de réir mar is gá chun na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cad iad an dá phríomhchineál Bogaigh a luaitear san fhíseán?

_____

_____

2. Cén fáth a bhfuil na bogaigh tábhachtach do shaol na n-éan?

_____

_____

_____

_____

3. Mínigh an téarma 'róshaibhriú':

_____

_____

_____

_____

4. Cad iad an dá phríomhfhoinse cothaitheach?

_____

_____

5. Cén fáth a bhfuil na hEanaigh seo chomh tábhachtach agus chomh luachmhar sin?

_____

_____

_____

_____

6. Cad iad na torthaí a bhí leis an staidéar Biochange?

_____

_____

_____

_____

_____

7. Cad is Turlach ann?

_____

_____

_____

_____

8. Cén fáth nach bhfuil an córas beathaithe le millíní chomh díobhálach céanna don chomhshaol is atá na beathaitheoirí fáinne?

_____

_____

_____

_____

_____

9. Feidhm amháin de bhogach Loch Garman is ea glanadh a dhéanamh. Mínigh:

_____

_____

_____

_____

_____

10. Seo iad na ceithre bhuntáiste a sholáthraítear le bogaigh:

- _____
- _____
- _____
- _____

11. Cad iad na hiarmhairtí ar bhailte agus ar an gceantar áitiúil a bhaineann le cailliúint na mbogach?

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

12. Cén fáth a bhfuil feirmeoirí ag draenáil a gcuid bogach?

_____

_____

_____

_____

_____

13. Luaigh trí bhealach go spreagaimid feirmeoirí chun a gcuid bogach ar a gcuid feirmeacha a chaomhnú?

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Gníomhaíochtaí breise

- Ag baint leasa as an méid atá foghlamtha agat, **leag amach póstaer** maidir leis na buntáistí agus an tábhacht a bhaineann lenár mbogaigh a choinneáil.

- **Déan cur i láthair powerpoint** den tionchar a bhí ag tuilte ar limistéir uirbeacha le blianta beaga anuas m.sh. cuardaigh íomhánna de thuilte i gCorcaigh ar Google agus beidh neart ábhair agat ansin.

- Chuir forbróir áitiúil iarratas isteach chuig do Chomhairle Contae le cead pleanála a fháil chun bogach áitiúil a dhraenáil ar mhaithe le heastát nua tithíochta a thógáil. **Scríobh litir** chuig do chomhairle áitiúil ag cur i gcoinne an iarratais phleanála agus mínigh go mion cén fáth gur chóir na bogaigh a chaomhnú agus a chosaint. Cabhróidh an abairt thíos:

  'Is ionann luach geilleagrach bogaigh agus meastachán den tábhacht, nó an luach, a chuireann an tsochaí ar cheann amháin nó níos mó dá chuid seirbhísí. I measc roinnt de na seirbhísí, nó na feidhmeanna, sin áirítear cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú, tacaíocht a thabhairt don tionscal iascaireachta, uisce tuilte a stóráil agus deiseanna a sholáthar i gcomhair oideachais agus caitheamh aimsire..."

- **Cum leathanach tosaigh nuachtáin** (ag úsáid Microsoft Word nó Publisher) leis an gceannteideal seo a leanas:

  Tá aibhneacha, lochanna agus bogaigh thar a bheith riachtanach do gheilleagar na hÉireann.

  Tosaigh trí iniúchadh a dhéanamh ar chumhdach na meán maidir le Móin atá á baint ar phortaigh (féach comhad meán an EPA maidir le bogaigh).

  Cabhróidh na pointí thíos leat tuiscint a fháil ar na buntáistí a bhaineann le bogaigh don gheilleagar:
  - Earraí agus daoine a iompar
  - Caitheamh aimsire m.sh. turasóireacht ar an tSionainn, slatiascaireacht, clársheoltóireacht
  - Uisce óil atá glan agus sábháilte
  - Uisce le haghaidh talmhaíochta agus an tionscail m.sh. Intel, grúdaireacht, próiseáil bia srl.
  - Uiscí cósta – iascaireacht, dobharshaothrú, snámh, (dúnadh seacht dtrá i gCorcaigh in 2012 – mar gheall ar éilliú e-coli).



- Cosaint ar thuilte – athrú aeráide (is féidir le hacra bogaigh 1-1.5 galún uisce tuilte a stóráil). Rinneadh na billiúin dollair de dhamáiste do mhaoin nuair a tharla Tuile Mór 1993 ar Abhantrach an Mississippi uachtair agus bhásaigh 38 duine san eachtra. Bhí 20 milliún acra bogaigh sa cheantar seo draenáilte nó líonta leis na cianta, le haghaidh cúrsaí talmhaíochta den chuid is mó. Dá ndéanfaí caomhnú seachas draenáil ar na bogaigh, d'fhéadfaí go leor den damáiste a rinneadh do mhaoin agus do bharra a bheith seachanta.
- An bhithéagsúlacht a choinneáil – oideachas maidir leis an gcomhshaol.
- Má thruaillítear an t-uisce, is féidir aibhneacha agus lochanna a ghlanadh suas ar bhealach éigin. Tá aibhneacha mar an Tamais nó an Life níos glaine inniu ná mar a bhí blianta ó shin. Mar sin féin, tógann sé píosa fada le habhainn a athchóiriú agus cosnaíonn sé airgead. Is mar gheall ar thalmhaíocht agus ar shéarachas is mó a tharlaíonn truailliú uisce in Éirinn.
- Tá talamh portaigh an-áisiúil chun téamh domhanda a sheach-chur. Cé go scaoileann siad meatán amach, sin gás ceaptha teasa, oibríonn siad freisin mar stór carbóin, agus dá uireasa sin scaoilfí go leor leor CO_2 amach san atmaisféir. Má dhóitear móin mar bhreosla ansin scaoiltear an carbóin sin amach.

Úsáid na naisc seo chun tuilleadh faisnéise a fháil

- www.irishwetlands.ie
- www.epa.ie
- www.conservation.ie/Habitatcons
- www.npws.ie
- http://www.npws.ie/publications/leaflets/
- www.ipcc.ie
- http://www.heritagecouncil.ie/wildlife/publications/
- http://www.antaisce.ie/naturalenvironment/NaturesWayBooklets.aspx
- http://gis.epa.ie/Envision/w
- http://water.epa.gov/type/wetlands/index.cfm
- http://www.fisheriesireland.ie/

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Obair léarscáile

- Ag úsáid http://gis.epa.ie/Envision/# (inseoidh an fheidhm chabhrach seo duit conas na léarscáileanna a úsáid agus sonraí a chuardach) déan scrúdú ar bhogach (ceann áitiúil más féidir) ag tabhairt tuilleadh sonraí maidir leo seo:
    - Cáilíocht an uisce
    - Úsáid na talún
    - Comparáid le ceantair eile in aice láimhe
    - An féidir leat aon tátal a bhaint as na bogaigh i limistéir a imscrúdaíodh m.sh. gníomhaíocht feirmeoireachta, gníomhaíocht turasóireachta?

Ag obair i mbeirteanna:

- Logáil isteach ar https://maps.scoilnet.ie/Gallery/IE/index.html
- Oscail an léarscáil OSI 1:50,000 agus an t-aerfótagraf
- Pioc amach limistéir den Bhoirinn ina bhfuil gnéithe faoi leith de thírdhreach carstach m.sh.
    - Súmairí
    - Turlaigh
    - Patrúin draenála
- Scríobh síos na cúiseanna go bhfuil an lonnaíocht scaipthe sna limistéir seo.
- Pioc amach fianaise de lonnaíocht ársa ag tabhairt tagairtí eangaí sé fhigiúr.
- Pioc amach patrúin iompair agus mínigh iad agus an tionchar a bhí ag an tírdhreach carstach orthu
- Pioc amach limistéir ina bhfuil forbairt turasóireachta nó ina bhféadfaí an turasóireacht a fhorbairt agus tabhair tagairtí eangaí. Tabhair cúiseanna.

Déan imscrúdú ar bhogaigh

Déan iniúchadh ar Choiste Ramsar na hÉireann www.irishwetlands.ie

- Faigh amach cad iad na príomhaidhmeanna atá ag an gCoiste maidir le bogaigh mhóra agus bheaga
- An féidir aon bhogaigh atá liostaithe a mheaitseáil le léarscáileanna SO agus tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh?
- Déan taighde ar an idirlíon chun féachaint ar Choinbhinsiún Ramsar maidir le bogaigh. Ag úsáid an tsainmhínithe a thugann Ramsar ar bhogaigh, cuir fótamontáis le chéile de raon na gcineálacha bogach atá in Éirinn. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil aon cheann de na bogaigh seo suite? Seiceáil láithreán Gréasáin do Chomhairle Contae maidir le faisnéis, pleananna, agus iarratais phleanála a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na bogaigh sin.



2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Obair i ngrúpaí/Turais Allamuigh

D'fhéadfaí é seo a nascadh le staidéar éiceolaíochta allamuigh mar chuid d'Eolaíocht. Ag obair i ngrúpaí agus ag tuairisciú i ngrúpaí nó go haonair:

Réamhrá

- Pioc amach bogach a ndéanfaidh tú imscrúdú air
- Leag amach ráiteas soiléir maidir le haidhmeanna agus cuspóirí an staidéir allamuigh
- Faigh amach na cineálacha faisnéise a theastóidh .i. bunfhoinsí, foinsí tánaisteacha, agallaimh, ceistneoirí, foinsí/tuairiscí TF

Pleanáil agus ullmhúchán

- Roghnaigh modhanna chun sonraí a bhailiú agus a chruinniú
- Dear bileoga taifeadta
- Sainaithin amach an suíomh a bheidh le himscrúdú

Bailiú Sonraí

- An méid a fheiceann tú lasmuigh a úsáid/a thaifeadadh
- Ceistneoirí/suirbhéanna a úsáid
- Bunfhoinsí/foinsí tánaisteacha/léarscáileanna/agallaimh a úsáid
- Fadhbanna ar thángthas orthu a phlé

Tuairisciú

- An fhaisnéis a bhailítear a eagrú
- Léaráidí, léarscáileanna graif, táblaí a úsáid
- Na torthaí a chur i láthair

Conclúidí agus measúnú na dtuairiscí

- Anailís ar thorthaí
- Torthaí a chur i gcomparáid leis na haidhmeanna agus cuspóirí a luadh ag an tús
- Moltaí i gcomhair feabhsúcháin
- Conclúidí – na scileanna a d'fhoghlaim tú

Cur i láthair

- Bailíonn daltaí tuairisc aonair ar an turas allamuigh i bhformáid A4
- Cuireann daltaí i ngrúpaí na torthaí i láthair ar bhileoga A3 le cur ar taispeáint. Léiríonn gach grúpa gnéithe difriúla den turas allamuigh foriomlán.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi obair allamuigh a bhaineann le bogaigh, féach Aonad 3, Uisce Glan, Modúl don Idirbhliain ag http://www.epa.ie/researchandeducation/education/educ/resources/ty/cleanwater/

BÍ AR AN AIRDEALL FAOI CHÚRSAÍ SÁBHÁILTEACHTA – BA CHEART GO mBEADH A FHIOS AG DALTAÍ FAOI CHLEACHTAS SÁBHÁILTE SULA dTUGANN SIAD FAOI OBAIR ALLAMUIGH I nGAR D'UISCE!